Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# NÓTA FAISNÉISE 2023/3

## TREOIR DON PHOBAL MAIDIR LE GLACADH LE STIÚRTHÓIREACHTAÍ CUIDEACHTA IN IMTHOSCA ÁIRITHE

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaireacht na hÉireann um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí. Áirítear le feidhmeanna reachtúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhlíonadh Acht na gCuideachtaí, 2014, a spreagadh, agus neamhchomhlíonadh an Achta sin a imscrúdú agus a fhorfheidhmiú.

**Comhthéacs**
Tá sé mar chuspóir leis an Nóta Faisnéise seo treoir ardleibhéil a thabhairt do dhaoine den phobal a bhféadfadh go n-iarrfaí orthu teacht chun bheith ina stiúrthóirí ar chuideachtaí nach bhfuil aon eolas acu orthu nó nach bhfuil ach beagán eolais acu orthu.
Gabhann rioscaí suntasacha le glacadh le ceapachán mar stiúrthóir cuideachta in imthosca den sórt sin, ar rioscaí iad a phléitear tuilleadh sa Nóta Faisnéise seo.

**An cuspóir atá le dlí na gcuideachtaí**
Is é príomhchuspóir dhlí na gcuideachtaí leanúnachas a éascú agus gníomhaíocht fiontraíochta a spreagadh. Déantar amhlaidh leis trí fhoráil a dhéanamh do phearsantacht dhlítheanach chorparáideach, comharbas suthain, agus dliteanas teoranta ar leith, rud lena sriantar neamhchosaint phearsanta ar riosca airgeadais. I gcomaoin na bpribhléidí sin, leagtar síos le dlí na gcuideachtaí creat cuntasachta ar laistigh de:

- atáthar ag súil leis go n-oibreoidh cuideachtaí agus a stiúrthóirí,
- nach mór ceanglais áirithe trédhearcachta a chomhlíonadh,
- a thugtar cosaintí áirithe do scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe agus don mhórphobal, agus
- a fhoráiltear do smachtbhannaí, idir smachtbhannaí sibhialta agus smachtbhannaí coiriúla, i leith cineálacha áirithe neamhchomhlíonta.

**Glacadh le ceapachán mar stiúrthóir cuideachta**
Ní mór do dhuine toiliú le gníomhú mar stiúrthóir cuideachta.

Cé nach bhfuil sé stuama, níl sé neamhdhleathach in aon chor do dhuine toiliú le teacht chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta nach bhfuil aon eolas aige nó aici uirthi nó nach bhfuil ach beagán eolais aige nó aici uirthi. Ón uair a thoilíonn duine le bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta, áfach, glacann an duine sin le freagrachtaí dlíthiúla suntasacha.

*Dualgais stiúrthóirí cuideachta*
Faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann, tugtar dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla suntasacha ar stiúrthóirí cuideachta. Áirítear leis na dualgais agus oibleagáidí sin:

- gníomhú de mheon macánta ar shlí a mheasfaidh an stiúrthóir a bheith ar mhaithe le leasanna na cuideachta,
- gníomhú go macánta agus **go freagrach** i ndáil le seoladh chúrsaí na cuideachta (cuireadh an bhéim leis),
- gníomhú de réir bhunreacht na cuideachta agus gan cumhachtaí an stiúrthóra a fheidhmiú ach chun na gcríoch a cheadaítear de réir an dlí,
- an cúram, an scil agus an dúthracht is infheidhme a fheidhmiú[1],
- a chinntiú go ndéanann an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a chothabháil[2],
- ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair na cuideachta i leith gach bliana airgeadais[3], agus

[1] Alt 228 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[2] Alt 286(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[3] Alt 290 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

- a chinntiú go ndéanann an chuideachta cláir reachtúla áirithe agus doiciméid eile a chothabháil, lena n-áirítear:
    - clár comhaltaí[4],
    - clár stiúrthóirí agus rúnaithe[5],
    - clár leasanna stiúrthóirí agus rúnaithe[6],
    - clár sealbhóirí bintiúr[7],
    - leabhair miontuairiscí[8], agus
    - conarthaí seirbhíse stiúrthóirí[9].

**IS OIBLEAGÁIDÍ LEANÚNACHA IAD SIN. SA CHOMHTHÉACS SIN, ÁIRÍTEAR LE GNÍOMHÚ GO FREAGRACH COINNEÁIL AR AN EOLAS FAOI CHÚRSAÍ NA CUIDEACHTA.**

**AON DUINE NACH nGLACANN AON RÓL GNÍOMHACH, NÓ NACH nGLACANN ACH BEAGÁN RÓIL GHNÍOMHAIGH, I mBAINISTIÚ CUIDEACHTA NÓ NACH nGNÍOMHAÍONN, MAR SHAMPLA, ACH MAR BHOSCA POIST NÓ MAR SHÍNITHEOIR DOICIMÉAD CUIDEACHTA, IS DÓIGH GO dTIOCFAIDH SÉ NÓ SÍ AR DHEACRACHTAÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH SUNTASACH AGUS É NÓ Í AG IARRAIDH CÚIRT A SHÁSAMH GUR GHNÍOMHAIGH SÉ NÓ SÍ GO FREAGRACH.**

**Rioscaí**
*An riosca a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin shibhialta*
Aon stiúrthóir cuideachta a mhainníonn cloí lena oibleagáidí nó lena hoibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí, téann sé nó sí sa seans go gcoinneofar é nó í faoi dhliteanas go pearsanta i leith fiacha cuideachta má thagann an chuideachta chun bheith dócmhainneach (i.e., ní féidir leis an gcuideachta a fiacha a íoc).

Riosca breise is ea dícháiliú. Má dhícháilítear duine, toirmiscfear é nó í gníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh cibé tréimhse is cuí leis an gcúirt. D'fhorchuir na cúirteanna le déanaí roinnt dícháilithe a mhaireann tréimhsí is faide ná deich mbliana.

*An riosca a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil*
De bhreis air sin, nuair a ghníomhaíonn duine mar stiúrthóir ar chuideachta nach bhfuil aon eolas aige nó aici uirthi nó nach bhfuil ach beagán eolais aige nó aici uirthi, is féidir go bhfágfar é nó í ar neamhchosaint ar dhliteanas coiriúil, i.e., a bheith á chúiseamh nó á cúiseamh i gcion coiriúil. Áirítear na nithe seo le samplaí de dhliteanas coiriúil féideartha faoi dhlí na gcuideachtaí:

- dliteanas i leith faisnéis bhréagach a sholáthar (e.g., i gcás gurb amhlaidh, maidir le faisnéis a chomhdaítear leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó in áit eile, tar éis í a bheith sínithe/tíolactha ag stiúrthóir, a chruthaítear í a bheith bréagach nó míthreorach agus atá a fhios ag stiúrthóir cuideachta an fhaisnéis sin a bheith bréagach nó atá sé nó sí meargánta i dtaobh an fhaisnéis sin a bheith bréagach nó gan bheith bréagach[10]),

- dliteanas faoi lear forálacha a bhaineann leis an gcion arb éard é *'oifigeach a rinne mainneachtain'* faoi dhlí na gcuideachtaí (i.e., i gcás go ndearna stiúrthóir mainneachtain maidir lena chinntiú go gcomhlíonann cuideachta a hoibleagáidí dlíthiúla).

---

[4] Alt 169 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[5] Alt 149 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[6] Alt 367 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[7] Alt 1121 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[8] Alt 199 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[9] Alt 154 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[10] Alt 876 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Iarmhairtí**
D’fhéadfadh ceann ar bith de na gníomhartha forfheidhmiúcháin sin roimhe seo difear tromchúiseach a dhéanamh do chlú duine agus/nó dá ábaltacht nó dá hábaltacht obair i bpost freagrach, creidmheas a fháil agus árachas stiúrthóirí agus oifigeach a fháil sa todhchaí.
Aon duine a chiontaítear i gcion coiriúil, is dóigh go mbeidh teorainneacha ann lena ábaltacht nó lena hábaltacht fostaíocht a fháil agus taisteal thar lear, de bhreis ar an riosca go bhforchuirfear fíneáil airgeadaíochta agus/nó tréimhse phríosúnachta air nó uirthi.

**Taifid bhainc phearsanta**
Ní ceanglas faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann ar dhuine é mionsonraí bainc a thabhairt ar aird chun go bhféadfar é nó í a cheapadh mar stiúrthóir ar chuideachta. Má iarrtar ar dhuine mionsonraí bainc pearsanta (e.g., uimhreacha cuntais bainc, ráitis bhainc, etc.) a thabhairt, ba cheart dó nó di a bheith deimhin de cé hé an duine a bhfuil sé nó sí ag déileáil leis agus cén fáth a bhfuil taifid den sórt sin ag teastáil sula dtabharfadh sé nó sí aon fhaisnéis phearsanta den sórt sin ar aghaidh.

**Cuntais bhainc chuideachta**
Má iarrtar ar dhuine cuntas bainc a oscailt le haghaidh cuideachta nach bhfuil aon eolas aige nó aici uirthi nó nach bhfuil ach beagán eolais aige nó aici uirthi, ba cheart don duine a bheith san airdeall agus deimhin a dhéanamh de chineál ghnó na cuideachta, i measc nithe eile, sula ndéanfadh sé nó sí aon bheart den sórt sin.

**Conclúid**
I bhfianaise na bhfreagrachtaí a ghabhann le bheith mar stiúrthóir cuideachta – lena n-áirítear an dualgas chun gníomhú go freagrach – agus i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i gcás neamhchomhlíonta, ba cheart d’aon duine a n-iarrtar air nó uirthi gníomhú mar stiúrthóir ar chuideachta nach bhfuil aon eolas aige nó aici uirthi nó nach bhfuil ach beagán eolais aige nó aici uirthi bheith san airdeall faoi thoiliú le ceapachán den sórt sin. Sula n-aontaíonn duine le teacht chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta, ba cheart dó nó di tuiscint a ghnóthú ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

- a dhualgais nó a dualgais mar stiúrthóir cuideachta (a bhfuil mionsonraí fúthu ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach11),
- cé hiad stiúrthóirí eile na cuideachta,
- cé hiad scairshealbhóirí na cuideachta,
- cé hiad úinéirí tairbhiúla deiridh na cuideachta,
- cineál ghnó na cuideachta,
- socruithe na cuideachta le haghaidh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a chothabháil,
- na socruithe atá i bhfeidhm le haghaidh cruinnithe stiúrthóirí, agus
- na socruithe atá i bhfeidhm le haghaidh cláir reachtúla na cuideachta agus doiciméid eile a cheanglaítear go reachtúil a chothabháil.

Má chuirtear in iúl gurb amhlaidh, maidir le duine a bheartaítear a cheapadh mar stiúrthóir ar chuideachta, nach mbeadh air nó uirthi aon bhaint a bheith aige nó aici le gnáthreáchtáil laethúil na cuideachta ach, ina ionad sin, nach mbeadh air nó uirthi ach doiciméid a shíniú ó am go chéile, mar shampla, ba cheart an méid sin an stiúrthóir ionchasach a chur san airdeall lom láithreach go bhféadfadh tuilleadh fiosruithe a bheith riachtanach.

**Stádas an doiciméid seo**
Ní comhairle dhlíthiúil é an doiciméad seo agus ní ceart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é. Ina ionad sin, is é atá ann ná treoir ardleibhéil agus ba cheart go mbeadh sé úsáideach chun rioscaí áirithe a mhaolú sna himthosca dá dtagraítear thuas. Má táthar in aon amhras faoi cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí glacadh le ceapachán mar stiúrthóir cuideachta, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil.

[11] https://cea.gov.ie/en-ie/Publications/Information-Guidance

**Tuilleadh faisnéise**
D'ullmhaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sraith iomlán doiciméad ina leagtar amach:

- príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí gníomhaithe áirithe faoi dhlí na gcuideachtaí (e.g., cuideachtaí, stiúrthóirí cuideachta, agus rúnaithe cuideachta),
- príomhchearta gníomhaithe áirithe faoi dhlí na gcuideachtaí (e.g., comhaltaí cuideachta, scairshealbhóirí, agus creidiúnaithe), agus
- príomhróil agus príomhdhualgais iniúchóirí, leachtaitheoirí agus glacadóirí faoi dhlí na gcuideachtaí.

Tá an treoir thuasluaite ar fáil ag https://cea.gov.ie/en-ie/Publications/Information-Guidance.

Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tacar cuimsitheach Ceisteanna Coitianta faoi nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Is féidir iad sin a rochtain ag https://cea.gov.ie/FAQs.

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**18 IÚIL 2023**

info@cea.gov.ie

https://cea.gov.ie

https://linkedin.com/company/cea-ireland

@cea_ireland